Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/4005

16.7.2025

**Aghaidh náisiúnta nua ar mhonaí euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht**

(C/2025/4005)




*Aghaidh náisiúnta an mhona chomórtha nua 2 euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag an Iodáil*

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag monaí euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na monaí nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na monaí a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), na Ballstáit sa limistéar euro agus tíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le monaí euro a eisiúint, ceadaítear dóibh monaí euro comórtha a eisiúint, monaí atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2 euro. Is ionann na saintréithe teicniúla a bhíonn ag na monaí sin agus na saintréithe a bhíonn ag monaí 2 euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta, dearadh lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh an náisiúin nó ó thaobh na hEorpa de.

**Tír eisiúna**: an Iodáil

**Ábhar an chomórtha**: Amerigo Vespucci Tour Mondiale 2023-2025

**Tuairisc ar an dearadh:** Léirítear sa dearadh, sa lár, pictiúr de long oiliúna Amerigo Vespucci atá faoi lánseoil, ag briseadh trí thonnta na farraige. San áirse ar chlé tá na focail ‘Amerigo Vespucci Tour Mondiale 2023-2025’. faoi sin ar chlé ‘2025’, bliain eisiúna an mhona agus ‘RI’, acrainm Phoblacht na Róimhe; ar dheis, ‘R’, lena sainaithnítear Mionta na Róimhe; in eisearg ‘E.FERRETTI’, síniú an dearthóra.

Taispeántar na 12 réalta de bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an mhona.

**An líon measta monaí atá le heisiúint**: 3 000 000

**Dáta eisiúna:** mí Eanáir 2025

---

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lgh. 1 i gcomhair aghaidh náisiúnta na mbonn uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lgh. 52).